Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2012*

# *Grafaic Theicniúil*
## *Ardleibhéal*
## *Roinn A*
*(120 marc)*

## *Dé Luain, 18 Meitheamh*
## *Maidin 9:30 - 12:30*

| Uimhir an Ionaid |
|---|
| |

***Treoracha***

*(a)* *Freagair **deich gcinn ar bith** de na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.*

*(b)* *Ní mór na línte tógála uile a thaispeáint go soiléir.*

*(c)* *Tá na toisí uile ina milliméadair.*

*(d)* *Ní mór an leabhrán seo a thabhairt ar ais i ndeireadh an scrúdaithe.*

*(e)* *Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ann di agus ar gach bileog eile a úsáideann tú.*


| Ceist | Marc |
|---|---|
| Roinn A | |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| IOMLÁN | |
| GRÁD | |

***Scrúduimhir:***

**ROINN A.** Freagair **deich gceist ar bith.** Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

**1** Scríobh an lipéad cuí faoi **gach** léaráid thíos. Roghnaigh na lipéid as liosta na dteilgean a thugtar thall.

Teilgean:
- Ortagrafach
- Isiméadrach
- Fiar
- Plánaiméadrach.





**1** ________________ **2** ____________________ **3** _________________ **4** ________________

**2** Taispeántar aghaidhchló neamhiomlán de chathaoir shuaimhnis. Taispeántar chomh maith grafaic 3T den chathaoir. Críochnaigh an t-aghaidhchló tríd an stua **BC** a tharraingt.


Is é 35 mm ga an stua **BC** agus tá sé tadhlaíoch leis an stua **AB**.

Taispeáin an pointe tadhaill idir na stuanna.








**3** Taispeánann an fhíor líníocht pheirspictíochta de phreabchaisleán. Níl an líníocht críochnaithe. Taispeántar chomh maith grafaic 3T den phreabchaisleán. Críochnaigh an líníocht pheirspictíochta.




**4** Taispeántar aghaidhchló agus taobhchló de bhinse oibre.
Déan **sceitse pictiúrtha saorláimhe** den bhinse. Cuir dath **nó** scáthú ar an sceitse.



**5** Taispeánann an fhíor aghaidhchló agus taobhchló d'eangach spóirt.
Taispeántar ghrafaic 3T den eangach chomh maith. Tarraing forbairt den eangach spóirt.





**6** Taispeántar sa ghrafaic 3T comhartha frithchaiteach i gcomhair slándáil ar na bóithre.
Tá an leithead céanna sna painéil go léir air. Críochnaigh aghaidhchló an chomhartha agus taispeáin go soiléir conas leithead na bpainéal a oibriú amach.



**7** Taispeánann an fhíor aghaidhchló agus bonnchló de phirimid a ghearrtar leis an bplána **VTH**.


Críochnaigh bonnchló na pirimide.





**8** Taispeántar aghaidhchló agus bonnchló de thí ciceála.

Tarraing **sceitse pictiúrtha saorláimhe** den tí ciceála sa spás atá curtha ar fáil.

Cuir dath **nó** scáthú ar an sceitse.



**9** Scríobh síos **trí ordú CAD ar bith** a úsáidtear chun eagarthóireacht a dhéanamh ar an bhfíor mar a léirítear sa seicheamh.




**Trí** ordú CAD ar bith: ______________________


______________________

______________________


**10** Taispeántar san fhíor aghaidhchló de bhacainn ar bhealach isteach. Taispeántar chomh maith grafaic 3T den bhacainn agus í ina suíomh dúnta.


Rothlaigh an bhacainn timpeall ar phointe **P** agus taispeáin an bhacainn ina suíomh oscailte, a chuirtear in iúl leis an líne bhriste.






**11** Scríobh síos toisí na n-uilleannacha **A**, **B** agus **C**.






**A =** ________________ **B =** ________________ **C =** ________________

**12** Taispeántar i bh**Fíor 1** an triantán **ABC** inscríofa i leath-éilips. I bh**Fíor 2**, taispeántar aiseanna agus pointí fócais an éilips agus pointe **P** ar an gcuar. Aimsigh fad na mór-aise agus fad na mion-aise agus tarraing an triantán **ABC** i bh**Fíor 2**.

***Nóta:*** *Ní gá an leath-éilips a tharraingt.*





**Fíor 1**





**Fíor 2**

**13** Taispeántar i bh**Fíor 1** dearadh le haghaidh mionsamhail de luasbhád. Níl an dearadh críochnaithe. I bh**Fíor 2**, taispeántar grafaic bheag den bhád agus an gaothscáth leis. Tá an gaothscáth bunaithe ar thriantán dronuilleach. Críochnaigh **Fíor 1** chun gaothscáth an bháid a thaispeáint.




**Fíor 1**




**Fíor 2**

**14** Taispeánann an fhíor an bonnchló agus an t-aghaidhchló de cheann tua. Taispeántar chomh maith grafaic 3T den tua.

Teilg aghaidhchló cúnta an chinn tua ar an líne **X1-Y1** agus taispeáin fíorchruth an dromchla **S**.







**15** Coimeádadh tuairisc ar dhíolachán trealamh grafaic theicniúil ar feadh tréimhse sé mhí.
Is iad seo a leanas na díolacháin:

- Iúil - € 300
- Lúnasa - € 500
- Meán Fómhair - € 900
- Deireadh Fómhair - € 400
- Samhain - € 300
- Nollaig - € 600

Críochnaigh an chairt chun an t-eolas seo a chur in iúl go grafach.



Leathanach Bán

Leathanach Bán